# Aimsigh na Boinn

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas – airgead<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht, An Domhan Thart Orainn, Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• réimse cur chuige a fhorbairt le haghaidh réiteach fadhbanna<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• obair s'acu a léiriú ar dhóigh shoiléir eagraithe, ag úsáid siombailí mar is cuí<br>**Réasúnú Matamaiticiúil**<br>• modh oibre s'acu a mhíniú |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | boinn go 2 phunt nó £1, méadaigh, laghdaigh, muc thaisce, sparán, buiséad, malartaigh, suimigh, dealaigh, comhaireamh, ríomh. |
| **Áiseanna** | boinn phlaisteacha, fíor-bhoinn, siopa bréagach, Uirlis Airgid Mol Mata |

## Cur síos ar an Ghníomhaíocht

Úsáidfidh na daltaí boinn phlaisteacha le taithí phraiticiúil a fháil ar airgead. Ba cheart go mbeadh siad cleachta le hairgead a chomhaireamh agus le hairgead a thaifeadadh le 'p' i ndiaidh an mhéid suas go 99p.

### 1 Gníomhaíocht 1

Agus Uirlis Airgid Mol Mata, airgead bréige nó fíor-bhoinn in úsáid acu, léiríonn na daltaí méideanna difriúla airgid ar dhóigheanna éagsúla. Mar shampla, is féidir 5p a léiriú le bonn 5p, bonn 2p agus 3 bhonn 1p srl. Nuair a bhíonn an Uirlis Airgid Mol Mata in úsáid, is féidir na méideanna airgid a léiriú leis an mhuc thaisce nó le forleagan málaí airgid. Úsáid seat scáileáin nó tábla le taifead a dhéanamh ar na dóigheanna difriúla ar féidir na méideanna airgid a dhéanamh.

### 2 Gníomhaíocht 2

Agus na haghaidheanna siopaí in úsáid, cruthaigh praghsanna do na hearraí difriúla atá ar díol. Is féidir leis na daltaí liostaí siopadóireachta a chruthú lena dtriail le méideanna difriúla airgid. Iarr orthu a oibriú amach taobh istigh de bhuiséad agus na praghsanna d'earraí difriúla a shuimiú. Ansin, is féidir leo praghsanna na n-earraí difriúla agus iomláin leis na boinn ó Uirlis Airgid Mol Mata a léiriú.

### 3 Gníomhaíocht 3

Agus ceann amháin de na haghaidheanna siopaí in úsáid agat, cruthaigh praghsanna do na hearraí difriúla. Cuir lascaine leo nó méadaigh praghas gach earra. Mar shampla, d'fhéadfadh laghdú 20p nó méadú 50p a bheith ar na hearraí. Oibríonn daltaí amach praghsanna nua na n-earraí nó cruthaíonn siad liostaí siopadóireachta nó buiséid bunaithe ar an lascaine nó méadú.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Má tá dhá bhonn 2p agam, cá mhéad airgid atá agam?<br>• Cá mhéad dóigh ar féidir liom 4p a dhéanamh?<br>• Cad é an méid is lú bonn atá de dhíth orm le 6p a dhéanamh?<br>• Cá mhéad airgid níos mó atá i muc thaisce A ná i muc thaisce B?<br>• Cá mhéad airgid níos lú atá i muc thaisce C ná i muc thaisce D? | • Cad é an dóigh is fearr leat 5p a dhéanamh? Cad chuige?<br>• Tá 20p agam. Cad iad na boinn a d'fhéadfadh a bheith agam?<br>• Cá mhéad bonn níos mó atá de dhíth orm le xp a bhaint amach?<br>• Ceannaigh trí earra ón mhargadh. Úsáid na boinn lena léiriú go n-íocfaidh tú astu.<br>• Cá mhéad dóigh dhifriúil ar féidir liom £1 a dhéanamh? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.